ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

**CARTLANNAÍ (GRÁD III) AG TEASTÁIL**

Is comhlacht reachtúil é Údarás Uchtála na hÉireann a bunaíodh 1 Samhain 2010 agus is é an tAcht Uchtála 2010 an reachtaíocht atá mar bhonn agus mar thaca ag an Údarás.

Is é an misean againn "Soláthar na gcaighdeán is airde is féidir seirbhísí uchtála a chinntiú, le linn an phróisis uchtála feadh saoil, agus leas leanaí a bheith mar chéad chuspóir agus mar phríomhchuspóir"

Tá Údarás Uchtála na hÉireann ar iarraidh Cartlannaí (Grád III), a bheadh lonnaithe i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, a earcú. Tá obair chumaisc ar fáil faoi réir chineál na ndualgas.

Tá an tÚdarás ina choimeádaí ar bhreis agus 100,000 comhad a chruthaigh sé féin, a chomhlachtaí réamhtheachtacha, agus gníomhaireachtaí uchtála gaolmhara. Is bailiúchán uathúil iad na taifid seo ina ndéantar cur síos ar thaithí daoine uchtaithe agus a dteaghlaigh a shíneann siar go dtí 1877. Faoin Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe 2022, tá an tÚdarás faoi réir na nAchtanna um Chartlann Náisiúnta 1986 – 2018 agus tá feidhmeannas nua cartlainne neamhspleách cruthaithe aige chun na taifid sin a fháil, a chosaint, a chaomhnú agus a chur ar fáil. Beidh an Cartlannaí lárnach san obair a dhéanann an feidhmeannas cartlainne agus tacóidh sé leis an gCartlannaí Sinsearach.

Tá scála tuarastail Chartlannaí III idir €37,583 agus €76,519 in aghaidh na bliana (dhá incrimint fhadtéarmacha san áireamh) i gcomhair seachtain oibre 35 uair an chloig.

Tabhair faoi deara go mbeidh an pá tosaigh ag íosphointe an scála de réir Chiorclán 08/2019 an Rialtais. D'fhéadfadh cúinsí eisceachtúla a bheith i gceist maidir le hiarrthóirí a bhfuil seirbhís reatha acu sa Státseirbhís/ tSeirbhís Phoiblí.

Saoire Bhliantúil: 25 lá sa bhliain ar bhonn seachtain oibre cúig lá agus níl laethanta saoire poiblí san áireamh.

Cuireann Údarás Uchtála na hÉireann pacáiste sochair den scoth ar fáil lena n-áirítear scéim pinsin ranníocach agus an deis le haghaidh tuilleadh oiliúna agus forbartha.

Spriocdháta: Meán lae, Dé Déardaoin 05 Meán Fómhair 2024

Tabhair do d’aire, cé go bhféadfadh iarratasóirí riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, meastar go mbeidh an líon daoine a chuireann isteach ar an bpost chomh hard sin go mb’fhéidir nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine.